2024/2161

14.8.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2161 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Lúnasa 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Éimin [1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014.

(2) An 30 Iúil 2024, scrios Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2140 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe beirt de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Lúnasa 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

[1] IO L 365, 19.12.2014, lch. 60.

IARSCRÍBHINN

Scriostar na hiontrálacha seo a leanas den liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 (‘Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1a agus 2’):

3. Ali Abdullah Saleh (ailias: Ali Abdallah Salih);

5. Ahmed Ali Abdullah Saleh (ailias: Ahmed Ali Abdullah Al-Ahmar).